

Chun anailís a dhéanamh ar an dóigh ar féidir le bearta comhionannais inscne cur le fás eacnamaíoch san Aontas Eorpach (AE), rinne an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) staidéar ar na tionchair a bheadh ann dá ndéanfaí neamhionannas inscne a laghdú i réimsí atá ábhartha ón taobh maicreacnamaíoch de, mar atá: an t-oideachas eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (STEM), gníomhaíocht sa mhargadh saothair agus pá. Bhreithnigh sé freisin na hathruithe déimeagrafacha a thagann chun cinn nuair a laghdaítear bearnaí idir na hinscní sna réimsí sin.

Tá an staidéar ar na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann le comhionannas inscne ar an gcéad cheann dá chineál riamh inar úsáideadh samhail eacnaiméadrach láidir chun raon leathan tairbhí maicreacnamaíocha a bhaineann le comhionannas inscne a réamh-mheas ar leibhéal an AE.

Léirítear sna torthaí foriomlána go dtiocfadh na nithe seo a leanas as feabhsuithe ar chomhionannas inscne:

- méadú mór ar an líon post a bheadh ar fáil, rud a rachadh chun tairbhe d'fhir agus do mhná araon;
- suas le 10.5 milliún post breise faoin mbliain 2050, a mbeadh cuid mhór díobh líonta ag mná;
- dea-thionchair láidre ar olltáirgeacht intíre per capita, ar tionchair iad a mhéadódh le himeacht ama;
- méadú ar olltáirgeacht intíre per capita san AE, ar méadú é a bheadh cothrom le beagnach 10 % faoin mbliain 2050.

Gabhann fás eacnamaíoch le feabhas ar chomhionannas inscne

Tugtar sa staidéar seo fianaise láidir ar na bealaí dearfacha méadaitheacha is féidir le comhionannas inscne dul chun tairbhe d'fhás eacnamaíoch. Is féidir cuid mhór de na tionchair dhearfacha sin a bhaint amach trí aghaidh a thabhairt ar roinnt de na laigí struchtúrtha atá ann i ngeilleagar an AE, mar atá sainaitheanta sa straitéis Eoraip 2020. Mar shampla, cabhróidh feabhas ar chomhionannas inscne le haghaidh a thabhairt ar shaincheistanna fostaíochta agus táirgiúlachta agus ar shaincheistanna a bhaineann le pobal atá ag dul in aois.

Léirítear sa staidéar gur féidir le comhionannas inscne i réimse amháin — mar shampla, an t-oideachas — éifeacht iarmhartach a bheith aige ar réimsí eile amháin an fhostaíochta. I measc na nithe a d'fhéadfadh teacht as an éifeacht iarmhartach sin, tá feabhas comhreach ar oideachas na mban (tuilleadh ban i mbun staidéar ar ábhair STEM), feabhas ar rátaí gníomhaíochta na mban sa mhargadh saothair agus méadú ar phá na mban. Dá dtabharfaí aghaidh ar na gnéithe difriúla de

neamhionannas inscne ag an aon am amháin, mar sin, is dóigh gur mó i bhfad na dea-thionchair a bhainfí amach ná iad sin a bheadh ann dá dtabharfaí aghaidh ar gach gné aonair de neamhionannas inscne ar leithligh.


Dá mbeadh méadú ann ar chomhionannas inscne, bheadh méadú mór ann freisin ar an líon post a bheadh ar fáil. Rachadh sé sin chun tairbhe d'fhir agus do mhná araon.

Rátaí fostaíochta níos airde agus tuilleadh post

Dá gcuirfí feabhas suntasach ar chomhionannas inscne faoin mbliain 2050, bhainfeadh ráta fostaíochta an AE beagnach 80 % amach. Mura gcuirfí feabhas den sórt sin air, ní bhainfeadh an ráta fostaíochta ach 76 % amach.




Fíor 1. An difear a dhéanfadh feabhsuithe ar chomhionannas inscne don fostaíocht




Méadú ar an líon post (feabhas tapa)

2.9 milliún post d'fhir



Méadú ar an líon post (feabhas mall)

1.8 milliún post d'fhir



Léirítear sa staidéar go mbainfidh ráta fostaíochta an Aontais 72.6 % amach faoin mbliain 2030. Tugtar le fios sna torthaí go bhféadfaí idir 6.3 milliún agus 10.5 milliún post breise a chruthú faoin mbliain 2050 dá dtabharfaí aghaidh ar leithscaradh inscne i roghanna oideachais agus dá méadófaí rannpháirtíocht na mban in ábhair STEM. Is iad mná a líonfadh thart ar 70 % de na poist sin. Is ionann é sin, ar bhealach, agus fostaíocht an Aontais a mhéadú faoin líon iomlán post atá ann i dtír mheánmhéide Eorpach cosúil leis an Ísiltír. Chuirfeadh na poist bhreise sin leis an mbearna fostaíochta idir na hinscní a laghdú.

Chun na dea-thionchair sin a bhaint amach, áfach, tá sé tábhachtach aghaidh a thabhairt ar cheann amháin de na príomhchúiseanna le neamhionannas inscne, mar atá: dáileadh éagothrom na bhfreagrachtaí cúraim gan phá idir fir agus mná. Bainfear an t-athrú sin amach má chuireann na Ballstáit deireadh leis na bacainní atá ann ar rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair trí bhearta cosúil leo seo a leanas a thabhairt isteach:


- tionscnaimh fheabhsaithe chothromaíochta oibre is saoil do thuismitheoirí/do chúramóirí;

- rochtain níos fearr ar shaoráidí cúram leanaí atá ar ardchaighdeán agus ar phraghas réasúnta;
- socruithe oibre atá solúbtha agus a thacaíonn le teaghlaigh;
- glacadh níos cothroime scéimeanna oibre solúbtha a chur chun cinn i measc na bhfear agus na mban.

Ba cheart do na Ballstáit den AE féachaint le bearnaí pá idir na hinscní a dhúnadh freisin, toisc go mbeidh poist lena ngabhann dea-thuarastail níos tarraingtí do mhná ná cinn lena ngabhann pá íseal. Is dóigh go gcabhróidh dea-thuarastail le mná éalú ón mbochtaineacht agus leis an mbearna pinsin idir fir agus mná a laghdú freisin (EIGE, 2016).

Baineann tábhacht ar leith leis na poist bhreise do mhná toisc gur dóigh dóibh cur le fás eacnamaíoch cuimsitheach tríd an mbochtaineacht a laghdú, rud atá ar cheann de na príomhthosaíochtaí sa straitéis Eoraip 2020. Fuarthas amach i staidéar ó EIGE le déanaí maidir le mná agus an bhochtaineacht gur de bharr na n-ionchas fostaíochta níos ísle atá acu is airde an ráta bochtaineachta i measc

Fíor 2. An difear a dhéanfaidh comhionannas inscne feabhsaithe d'olltáirgeacht intíre (OTI) per capita



na mban ná i measc na bhfear ina lán cásanna (EIGE, 2016). Nuair a bhíonn post ag mná, mar sin, laghdaítear an baol go mbuailfidh an bhochtaineacht iad.

Méadú ar OTI

Imríonn comhionannas inscne dea-thionchair láidre ar OTI, ar thionchair iad a mhéadaíonn le himeacht ama.

Méadaíonn OTI per capita de réir mar a fheabhsaíonn comhionannas inscne. Léirítear sna torthaí go mbeidh méadú suas le 2 % ann sa mheántearma (2030) agus méadú suas le 10 % ann san fhadtearma (2050) ar OTI san AE. Tá sé sin cothrom le méadú féideartha EUR 1.95-3.15 trilliún ar olltáirgeacht intíre fhoriomlán per capita faoin mbliain 2050. Má théann an AE i mbun gnímh anois agus má fheabhsaíonn sé bearta comhionannais inscne ⁽¹⁾ i réimsí amháil an t-oidreachas STEM, gníomhaíocht sa

mhargadh saothair agus pá, cumasófar do shochaithe ar fud an Aontais tairbhe a bhaint as lánacmhainn na mban. Is féidir le comhionannas inscne feabhsaithe cur go mór le fás eacnamaíoch atá cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach freisin, go háirithe de bharr na bpost breise a bheith líonta ag mná san earnáil STEM.


Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin san AE a bhaineann le pobal atá ag dul in aois

De réir fionnachtana taighde ar thángthas orthu sa réimse seo le déanaí, d'fhéadfadh méadú ar rátaí torthúlachta teacht chun cinn as comhionannas inscne feabhsaithe san oideachas agus i rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus as cothromaíocht fheabhsaithe idir fir agus mná i ndáil le hobair chúraim gan phá. Ríomhadh sa staidéar go méadódh rátaí torthúlachta faoi 0-8 % faoin mbliain 2030. Is iad na torthaí atá ar rátaí torthúlachta níos airde ansin ná méadú ar an daonra agus ar an soláthar saothair fadtéarmach. Pléitear sa staidéar sin na tairbhí fadtéarmacha a bhaineann le forbairt den sórt sin. Mar shampla, meastar gur mar gheall ar thorthúlacht mhéadaithe a bheidh 2.5 milliún duine sa bhreis san fhostaíocht faoin mbliain 2050. Baineann tábhacht ar leith le fostaíocht mhéadaithe anois i bhfianaise na réamh-mheastachán déimeagrafach reatha ón AE. Tuairtar sna réamh-mheastacháin go mbeidh méadú suntasach ann ar an líon daoine scothaosta a bheidh neamhghníomhach sa mhargadh saothair (an straitéis Eoraip 2020).

⁽¹⁾ Samplaí de bhearta comhionannais inscne ar dóigh dóibh méadú a dhéanamh ar an líon ban a bhainfidh céim amach in ábhair STEM is ea deireadh a chur le steiréitíopaí inscne san oideachas, feasacht a mhúscailt ar ábhair STEM agus iad a chur chun cinn i measc na gcaillíní agus na mban, agus gairmthreoir a chur ar fáil chun cailíní a spreagadh staidéar a dhéanamh i réimsí ina bhfuil ceannas ag fir agus chun buachaillí a spreagadh staidéar a dhéanamh i réimsí ina bhfuil ceannas ag mná. I measc nithe eile, áirítear iad seo a leanas le bearta comhionannais inscne ar féidir leo bearnaí idir na hinscní a dhúnadh sa mhargadh saothair: cúram leanáí agus soláthar eile cúraim a chur ar fáil; athruithe a dhéanamh ar an bpá agus na coinníollacha atá ag gabháil le saoire thuismitheoireachta; tacú le socruithe oibre páirtaimseartha agus solúbtha agus iad a chur chun cinn; forálacha agus beartais dlí maidir le pá comhionann agus coinníollacha oibre; deireadh a chur le leithscaradh inscne in earnálacha agus gairmeacha difriúla; laghdú a dhéanamh ar an líon sosanna gairme a thógann mná; agus ardú céime a thabhairt do mhná chuig poist shinsearacha.



Fíor 3: Na tionchair a bheadh ag comhionannas inscne: difríochtaí in OTI na mBallstát sa bhliain 2030



Borradh faoi iomaíochas

D'fhéadfadh comhionannas inscne feabhsaithe borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach gheilleagar an AE.

D'fhéadfadh méadú ar chumas táirgthe an gheilleagair agus laghdú ar phraghsanna araon teacht as bearta comhionannais inscne. Ag teacht sna sála ar na forbairtí sin, bheadh an AE in ann tuilleadh earraí agus seirbhísí a tháirgeadh ar bhonn intíre agus bheadh sé níos iomaíche i margaí idirnáisiúnta dá mbarr. Thiocfadh feabhas ar chomhardú na trádála freisin, áit a méadódh onnmhairí an Aontais faoi 1.6 % go 2.3 % agus a laghdódh allmhairí faoi 0.4 % go 0.7 % sa bhliain 2050. Mar sin, chabhródh comhionannas inscne feabhsaithe le trádáil idirnáisiúnta a choinneáil mar cheann de na príomhthosca taobh thiar d'fhás an Aontais, ar aon dul

leis an straitéis Eoraip 2020. Ina theannta sin, d'fhéadfadh fás níos airde OTI infheistíocht phríobháideach bhreise a spreagadh i measc cuideachtaí toisc go n-infheistíonn siad a gcuid airgid bunaithe ar na tairbhí a mbítear ag súil leo. Léirítear i dtorthaí an staidéir go mbeidh méadú ann ar infheistíocht san AE faoin mbliain 2050.

Is iad na tíortha a chuirfidh feabhas ar chomhionannas inscne na tíortha a bhainfidh na tairbhí is mó

Tá éagsúlacht mhór ann maidir le tionchair réamh-mheasta an chomhionannais inscne feabhsaithe ar fud na mBallstát, rud atá ag brath ar a mhéid atá comhionannas inscne bainte amach acu cheana féin.

Is an-dearfach na torthaí a bheadh ar chomhionannas inscne feabhsaithe. Bhainfeadh tíortha áirithe aonair méadú 4 % ar OTI amach. Sháródh an figiúr sin 10 % i dtíortha áirithe eile.

Tríd is tríd, bheadh na tionchair is mó le sonrú i dtíortha nach leagann an oiread sin tábhachta ar chomhionannas inscne faoi láthair. Léirítear sa staidéar gur mó an rud a bhainfeadh na tíortha sin as comhionannas inscne a chur ar a gclár oibre ^(?).

Ballstáit a bhfuil easpa beart comhionannais inscne i bhfeidhm acu faoi láthair, is iadsan a bhainfeadh an tairbhe is mó as bearnaí idir na hinscní a dhúnadh.

Maidir le tíortha a d'fhéadfadh feabhas mór a chur ar a bhfeidhmíocht, is féidir leo mórfheabhsuithe eacnamaíocha a bhaint amach trí chomhionannas inscne a mhéadú. Má dhéanann siad amhlaidh, meastar go méadófar OTI faoi thart ar 12 % ar an meán faoin mbliain 2050. Léiríonn an méid sin an acmhainneacht atá ann mórfheabhsuithe a chur ar chomhionannas inscne, rud ar féidir leis mórthairbhí eacnamaíocha a sholáthar ina dhiaidh sin. Maidir leis na tíortha is fearr feidhmíocht, is le sonrú iontu cheana féin atá roinnt de na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann le comhionannas inscne. Is féidir leis na Ballstáit sin tuilleadh gnóthachan eacnamaíoch a ghiniúint trí chomhionannas inscne a fheabhsú arís eile, áfach. D'fhéadfadh na gnóthachain sin bheith cothrom le 4 % de OTI ina lán cásanna.

Comhionannas inscne san AE: forbairtí beartais le déanaí

Gealltanais beartais de chuid an AE le fada an lá is ea comhionannas inscne a bhaint amach. Ba i gConradh na Róimhe seasca bliain ó shin a leagadh an príonsabal um pá comhionannas as obair chomhionannas síos den chéad uair. Agus é sin á dhéanamh, d'éirigh comhionannas idir fir agus mná ar cheann de luachanna bunaidh an AE. Fiú amháin sa lá atá inniu ann, is é an aidhm atá le beartais an Aontais lena dtugtar aghaidh ar neamhionannas inscne sa mhargadh saothair ná rannpháirtíocht na mban a mhéadú, an bhearna pá idir na hinscní a laghdú, agus cabhrú le fir agus le mná cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir saol na hoibre, an saol príobháideach agus an saol teaghlaigh.

Comhionannas inscne a neartú: cúig réimse tosaíochta an AE

1. Rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a mhéadú agus neamhspleáchas eacnamaíoch comhionannas a áirithiú.
2. An bhearna pá, tuillimh agus pinsin idir na hinscní a laghdú agus, ar an mbealach sin, an bhochtaineacht i measc na mban a chomhrac.
3. Comhionannas idir fir agus mná a chur chun cinn ó thaobh cinnteoireachta de.
4. Foréigean inscnebhunaithe a chomhrac agus cosaint agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh.
5. Comhionannas inscne agus cearta na mban a chur chun cinn ar fud an domhain (An Coimisiún Eorpach, 2015b).

Tá an creat beartais reatha lena rialaítear comhionannas inscne bunaithe ar an doiciméad Rannpháirtíocht Straitéiseach do Chomhionannas Inscne 2016-2019. Foilsíodh an doiciméad de bhun Straitéis an Choimisiúin do Chomhionannas idir Fir agus Mná (2010-2015). Tá cuspóirí na rannpháirtíochta straitéisí dírithe ar chúig réimse tosaíochta agus tá sé mar aidhm leo peirspictíocht comhionannais inscne a chomhtháthú isteach i ngach beartas agus i ngach clár cistiúcháin de chuid an AE. Ina theannta sin, léirítear sa Chomhaontú Eorpach um Chomhionannas Inscne 2011-2020 tiomantas soiléir do chomhionannas inscne a chur chun cinn laistigh den Aontas.

Má táthar chun na spriocanna maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach atá leagtha amach sa straitéis Eoraip 2020 a chomhlíonadh, beidh sé riachtanach comhionannas inscne a phríomhshruthú i bpríomhréimsí beartais amhail an t-oideachas, rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus pá, i measc réimsí eile.

^(?) Tá braisliú na mBallstát bunaithe ar Innéacs Comhionannais Inscne EIGE.



An straitéis Eoraip 2020: ar dheis chailte í?

An straitéis Eoraip 2020: bearnaí idir na hinscní san oideachas, i rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, i bpá agus i ndualgais chúraim

- Tá tearcionadaíocht á déanamh do mhná in earnálacha STEM go fóill. Is fir iad 75 % de mhic léinn sna réimsí sin.
- Ar an meán, tá an bhearna fostaíochta idir na hinscní cothrom le 11.6 % san AE. Méadaíonn an figiúr sin de réir mar a mhéadaíonn an líon leanaí sa teaghlach.
- Ní hé amháin go dtéann ró-ionadaíocht na mban san obair pháirtaimseartha i bhfeidhm ar a rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, ach téann sí i bhfeidhm freisin ar an mbaol go mbuailfidh an bhochtaineacht nó an t-eisiamh sóisialta iad (i gcomparáid le meánfhiúir 8.9 % d'fhir, d'oibrigh 32.1 % de mhná go páirtaimseartha sa bhliain 2015).
- Méadaíonn an ráta fostaíochta páirtaimseartha i measc na mban de réir mar a mhéadaíonn an líon leanaí atá acu freisin. Thuairiscigh 39 % de mhná ar fud AE28 gurbh é an phríomhchúis nár chuardaigh siad fostaíocht ná go raibh siad ag “tabhairt aire do leanaí nó d’aoisigh éagumasaithe”. Ba é 4 % an ráta comhfhreagrach i measc fear.
- Tuilleann mná 16.1 % níos lú ná fir ar an meán ar fud an AE. Fágann sé sin go mbeadh orthu thart ar 40 lá breise in aghaidh na bliana (nó suas go deireadh mhí Feabhra) a dhéanamh chun an méid a bhí tuillte ag fir faoi dheireadh na bliana roimhe a thuilleamh (Eurostat, 2016a, 2016b).

Aithnítear sa straitéis Eoraip 2020 gur gá comhionannas idir fir agus mná a bhaint amach má táthar chun sprioc fostaíochta an Aontais a chomhlíonadh, is é sin, go mbeidh 75 % d'fhir agus de mhná idir 20-64 bliain d'aois san Aontas i mbun oibre faoin mbliain 2020. Cé go n-aithnítear sa “Chlár oibre do scileanna nua agus do phoist”, ar tionscnamh suaitheanta de chuid an Aontais é, gur gá cur le “rannchuidiú na mban leis an ngeilleagar foirmiúil”, níl aon bhearta cuimsitheacha lena ndírítear ar chomhionannas inscne sainithe go soiléir sa straitéis Eoraip 2020.

Bíonn neamhionannas inscne leanúnach ag baint an bhoinn ó dheiseanna eacnamaíocha na mban. Bíonn sé ag dul i bhfeidhm ar gheilleagar an AE ar fad freisin.

Ar leibhéal beartais, cruthaíonn an méid sin easnamh san obair chun fás cuimsitheach inbhuanaithe a bhaint amach, mar atá leagtha amach sa straitéis Eoraip 2020.

D'fhéadfaí teacht ar an gconclúid, mar sin, gur deis chailte iad na bearta neamhleora comhionannais inscne atá sa straitéis Eoraip 2020. Má tá sé chun fás eacnamaíoch atá cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a bhaint amach, is gá don AE feabhas a chur ar na bearta comhionannais inscne atá ar bun faoi láthair agus bearta nua a thabhairt isteach ina leith.

An straitéis Eoraip 2020 agus ina diaidh

Is féidir le bearta comhionannais inscne borradh a chur faoi fhás eacnamaíoch inbhuanaithe

Trí thuilleadh ban a spreagadh dul isteach sa mhargadh saothair agus trí rannpháirtíocht na mban i staidéar STEM a mhéadú, beifear in ann cur go mór le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a bhaint amach san AE. Léirítear sa staidéar go bhféadfadh comhionannas inscne in oideachas STEM agus sa mhargadh saothair feabhas mór a chur ar ionchais fáis fhadtéarmaigh san Aontas. Mar sin féin, beidh athrú struchtúrtha ag teastáil chun an méid sin a bhaint amach agus chun téarnamh inbhuanaithe, cliste agus cuimsitheach a áirithiú ón ngéarchéim eacnamaíochta le déanaí. Beidh an téarnamh sin riachtanach chun fás inbhuanaithe aníos a thabhairt isteach an athair i ngeilleagar an Aontais agus chun cailleanais bhuana ó thaobh saibhris de agus mallrátaí fáis a sheachaint.

Má tá sé chun fás eacnamaíoch inbhuanaithe a bhaint amach, is gá don AE tosú ar chomhionannas inscne a phríomhshruthú agus é sin a dhéanamh láithreach.

Níl sé ar acmhainn an Aontais na deiseanna a ghabhann le bearta comhionannais inscne a chailleadh. Ar mhaithe leis an tionchar inmhianaithe ar fhorbairt shocheacnamaíoch inbhuanaithe agus ar fhás socheacnamaíoch inbhuanaithe a bhaint amach, is gá don Aontas bearta comhionannais inscne a thabhairt isteach gan mhoill sna príomhréimsí beartais. Má dhéantar amhlaidh, tuartar sa staidéar go dtiocfadh feabhas ar rátaí fostaíochta chomh luath leis an mbliain 2020 agus go mbeidh an tionchar is mó le brath i rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus in OTI per capita sa mheántearma (2030) agus san fhadtéarma (2050).

Céim chun tosaigh ina leith sin is ea pleananna a leag an Coimisiún Eorpach síos le déanaí. I mí Lúnasa 2015, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach treochlár a bhfuil sé mar aidhm leis togra cuimsitheach beartais a cheapadh chun rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a mhéadú trí fheabhas a chur ar an gcothromaíocht oibre is saol. Is é an aidhm atá leis athchóiriú a dhéanamh ar bheartais reatha a bhaineann le socrúithe saoire agus socrúithe oibre solúbtha a dhéanann difear diúltach d'fhostaíocht, pá agus pinsin na mban. Is ag teastáil freisin atá tuilleadh tograí beartais lena n-aithnítear an acmhainneacht a bhaineann le comhionannas inscne a phríomhshruthú (An Coimisiún Eorpach, 2015a).

Dá gcuirfí comhionannas inscne ag croílár na straitéise a thiocfaidh in áit na straitéise Eoraip 2020 agus ag croílár athchóirithe beartais eile amhail colún Eorpach na gceart sóisialta, chuirfí lena chuimsithí atá an córas eacnamaíoch agus chumasófaí do mhná a lánacmhainn a bhaint amach, rud a bheadh chun tairbhe dóibh féin agus don tsochaí ar fad araon. Chuirfeadh an méid sin ar chumas an AE fás eacnamaíoch atá cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a bhaint amach freisin.

Tagairtí

An Coimisiún Eorpach (2015a), *Treochlár — Tús nua chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhíonn ag teaghlaigh i mbun oibre maidir le cothromaíocht oibre is saoil*. Ar fáil ag: http://ec.europa.eu/smart-regulation/roadmaps/docs/2015_just_012_new_initiative_replacing_maternity_leave_directive_en.pdf

An Coimisiún Eorpach (2015b), *Rannpháirtíocht straitéiseach do chomhionannas inscne 2016-2019*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg. Ar fáil ag: http://ec.europa.eu/justice/gender-equality/document/files/strategic_engagement_en.pdf

An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) (2016), *An bhochtaineacht, inscne agus neamhionannais fhorluiteacha san Aontas Eorpach — Athbhreithniú ar chur chun feidhme Réimse A: Mná agus an bhochtaineacht in Ardán Bhéising don Ghníomhaíocht*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg. Ar fáil ag: http://eige.europa.eu/sites/default/files/documents/ti_pubpdf_mh0416244enn_pdfweb_20161208181320.pdf

An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) (2015), *Innéacs Comhionannais Inscne 2015 — Comhionannas inscne a thomhas san Aontas Eorpach 2005-2012*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg. Ar fáil ag: <http://eige.europa.eu/content/document/gender-equality-index-report>

Eurostat (2016a), *Staidreamh inscne*. Ar fáil ag: http://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Gender_statistics

Eurostat (2016b), *Staidreamh fostaíochta*. Ar fáil ag: http://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Employment_statistics

Maidir leis an staidéar

Rud uathúil i gcomhthéacs an AE is ea an staidéar ar na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann le comhionannas inscne. Tá sé ar an gcéad cheann dá chineál riamh inar úsáideadh samhail eacnaiméadrach láidir chun raon leathan tairbhí maicreacnamaíocha a bhaineann le comhionannas inscne a réamh-mheas i roinnt mór-réimsí amhail an t-oidreachas, gníomhaíocht sa mhargadh saothair agus pá.

Léirítear i dtorthaí foriomlána an staidéir go dtiocfadh na nithe seo a leanas as comhionannas inscne méadaithe:

- idir 6.3 milliún agus 10.5 milliún post breise sa bhliain 2050, agus thart ar 70 % díobh sin líonta ag mná;
- dea-thionchair ar OTI, ar tionchair iad a mhéadódh le himeacht ama;
- méadú ar olltáirgeacht intíre per capita, ar méadú é a bheadh cothrom le beagnach 10 % faoin mbliain 2050.

Baineadh leas sa staidéar as an tsamhail mhaicreacnamaíoch E3ME chun na tionchair eacnamaíocha a bheadh ag feabhsuithe ar chomhionannas inscne a réamh-mheas. Tá E3ME ina shamhail mhaicreacnamaíoch eimpíreach atá curtha in oiriúint go sonrach do thorthaí a shamhaltú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar leibhéal na mBallstát araon.

Áirítear na naoi bhfoilseachán seo a leanas le haschur an staidéir ar na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann le comhionannas inscne san AE:

1. *Literature review: existing evidence on the social and economic benefits of gender equality and methodological approaches* (Athbhreithniú litríochta: fianaise reatha ar na tairbhí sóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann le comhionannas inscne agus cineálacha modheolaíocha cur chuige ina leith).
2. *EU and EU Member State overviews* (Forbhreathnú ar an AE agus ar Bhallstáit an AE).
3. *Report on the empirical application of the model* (Tuarascáil ar chur i bhfeidhm eimpíreach na samhla).
4. *How the evidence was produced: briefing paper on the theoretical framework and model* (Conas a bailíodh an fhianaise: bileog eolais ar an gcreat teoiriciúil agus ar an tsamhail).
5. Conas a bailíodh an fhianaise: bileog eolais ar an gcreat teoiriciúil agus ar an tsamhail.
- 6. Tionchair eacnamaíocha an chomhionannais inscne i gcomhthéacs beartais an AE: páipéar faisnéise.**
7. Tionchair eacnamaíocha an chomhionannais inscne: páipéar faisnéise.
8. Conas a thagann fás eacnamaíoch as comhionannas inscne in oideachas STEM: páipéar faisnéise.
9. Conas a thagann fás eacnamaíoch as an mbearna idir na hinscní i ngníomhaíocht sa mhargadh saothair agus i bpá a dhúnadh: páipéar faisnéise.

Is féidir gach foilseachán, torthaí mionsonraithe an staidéir agus an mhodheolaíocht a fháil ar shuíomh gréasáin EIGE.

Is é an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) lárionad eolais an Aontais Eorpaigh um chomhionannas inscne. Cuireann EIGE tacaíocht ar fáil don lucht déanta beartas agus gach institiúid ábhartha agus iad ag iarraidh an comhionannas idir fir agus mná a chur i bhfeidhm i saol na nEorpach ach saineolas sonrach agus sonraí inchomparáide iontaoifa a chur ar fáil dóibh maidir le comhionannas inscne san Eoraip.



Oifig na bhFoilseachán

Tuilleadh faisnéise:

An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, EIGE

Gedimino pr. 16

LT-01103 Vilnius

LIETUVA/LITHUANIA

+370 52157444

Ríomhphost: eige.sec@eige.europa.eu

<http://eige.europa.eu>

<http://www.twitter.com/eurogender>

<http://www.facebook.com/eige.europa.eu>

<http://www.youtube.com/eurogender>

<http://eurogender.eige.europa.eu/>



ISBN 978-92-9470-005-6
doi:10.2839/500501